L 26 M 20A

AN ROINN OIDEACHAIS

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, **1996**

0589

# IODÁILIS — ARDLEIBHÉAL
# ITALIAN — HIGHER LEVEL

**TRIAIL CHLUASTUISCEANNA (60 marc)**
**LISTENING COMPREHENSION TEST (60 marks)**

DÉ LUAIN, 17 MEITHEAMH 12.15 go dtí 12.45
MONDAY, 17 JUNE 12.15 to 12.45

| UIMHIR IONAID<br>CENTRE NUMBER | |
|---|---|
| SCRÚDUIMHIR<br>CANDIDATE'S NUMBER | |

N.B. DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN
N.B. FOR USE BY EXAMINER ONLY

| Roinn<br>Section | Marc/Mark |
|---|---|
| 1 | |
| 2(a) | |
| 2(b) | |
| Iomlán<br>Total | |

**Mura bhféadann tú a bhfuil ar an gcuid seo den téip a chloisteáil gan dua ardaigh do lámh ANOIS chun a chur in iúl don bhFeitheoir nach mór an fhuaim a shocrú i gceart.**
**Ná cuir isteach ar imeachtaí na trialach féin uaidh seo amach.**

**If you have difficulty hearing the tape please raise your hand NOW to indicate to the Supervisor that the volume should be adjusted.**
**Once the test has started you must not interrupt.**

## ROINN I

Sa roinn seo cloisfidh tú sé cinn de ráitis nó de chomhráití gearra san Iodáilis. Cloisfidh tú gach ceann acu dhá uair.

Ar an Scrúdpháipéar cuirtear ceist amháin ar gach ráiteas nó comhrá agus tugtar rogha idir ceithre fhreagra i ngach cás.

Tar éis gach ráiteas nó comhrá a chloisteáil an dara huair beidh sos gairid ann; le linn an tsosa sin roghnaigh an freagra is dóigh leat is ceart ar an gceist sin agus léirigh do rogha trí chiorcal a tharraingt timpeall na litreach — (*a*) nó (*b*) nó (*c*) nó (*d*) — a ghabhann roimhe.

**1.** Cuireadh leath na n-eitiltí ar ceal mar gheall ar

(*a*) stailc ag píolótaí

(*b*) dóiteán san aerfort

(*c*) foláireamh buama

(*d*) stailc ag fir dóiteáin.

**2.** Tugann an t-ionad atá á fhógairt eolas i dtaobh

(*a*) deiseanna gairme

(*b*) cúrsaí oiliúna agus deiseanna fostaíochta

(*c*) folúntais i bpoist

(*d*) sochar dífhostaíochta.

**3.** Cén chaoi a dtaitníonn a cuid liamháis réitithe leis an mbean?

(*a*) lánbhruite

(*b*) ina shlisní tanaí

(*c*) ina shlisní tiubha

(*d*) deataithe.

**4.** Cad a deirtear linn faoin traein luais ón Veinéis?

(*a*) go stopfaidh sí ag ardán 6

(*b*) nach stopfaidh sí

(*c*) go mbeidh sí déanach

(*d*) go stopfaidh sí ag ardán 13.

**5.** Cad atá á thairiscint ag an ngníomhaireacht "Viaggi 2000"?

(*a*) carr ar cíos agus árachas, ar phraghas íseal

(*b*) eitiltí go Flórans agus uaidh

(*c*) árachas taistil saor in aisce

(*d*) lascaine ar thicéid fillte.

**6.** Beidh an linn snámha taobh istigh ar oscailt

(*a*) ar feadh na bliana

(*b*) go dtí deireadh mhí Bealtaine

(*c*) ar feadh Mhí an Mheithimh ar fad

(*d*) go dtí deireadh an tsamhraidh.

(18 marc)

## SECTION I

In this section you will hear six statements or short dialogues in Italian. Each of these will be heard twice.

On your Examination Paper one question is asked on each statement or dialogue and four answers are suggested in each case.

After each statement or dialogue is heard the second time there will be a short pause. During this pause choose what you consider the most appropriate answer to the question asked, and indicate your choice by drawing a circle round the letter — (*a*) or (*b*) or (*c*) or (*d*) — which precedes it.

**1.** Half the flights have been cancelled owing to

(*a*) a pilots' strike

(*b*) a fire in the airport

(*c*) a bomb-scare

(*d*) a firemen's strike.

**2.** The centre advertised gives information on

(*a*) career opportunities

(*b*) training courses and employment opportunities

(*c*) job vacancies

(*d*) unemployment benefit.

**3.** How does the lady like her ham?

(*a*) well done

(*b*) thinly sliced

(*c*) thickly sliced

(*d*) smoked.

**4.** What are we told about the express from Venice?

(*a*) it will stop at platform 6

(*b*) it will not stop

(*c*) it is running late

(*d*) it will stop at platform 13.

**5.** The "Viaggi 2000" agency offers

(*a*) low-rate car-rental and insurance

(*b*) flights to and from Florence only

(*c*) free travel insurance

(*d*) discount on return tickets.

**6.** The indoor pool will remain open

(*a*) all the year round

(*b*) until the end of May

(*c*) the whole month of June

(*d*) until the end of summer.

(18 marks)

## ROINN II

Sa roinn seo cloisfidh tú dhá chomhrá. Cloisfidh tú iad araon trí huaire — an chéad uair ní bheidh sosanna ann; an dara huair beidh roinnt sosanna gearra inmheánacha ann agus ag a dheireadh seo beidh sos ar feadh nóiméid ann ag tosú nuair a chloisfidh tú buille trom cloig.

Tig leat féachaint ar na ceisteanna agus nótaí a bhreacadh fad a bhíonn tú ag éisteacht.

Ba cheart na freagraí a scríobh, i nGaeilge, sna spásanna cuí le linn na sosanna inmheánacha nó le linn an tsosa nóiméid ag deireadh an dara héisteacht.

Féadfaidh tú do fhreagraí a sheiceáil agus tú ag éisteacht don tríú huair.

(*a*) An chéad chomhrá (Idir an tUasal Baggio agus an fáilteoir sa ghiomnáisiam).

1. Cén fáth a ndeachaigh an tUasal Baggio go dtí an giomnáisiam?

______________________________

______________________________

2. Scríobh síos dhá phíosa eolais ar bith a thugtar don Uasal Baggio faoin ngiomnáisiam.

______________________________

______________________________

3. Cén fáth ar mhaith leis an Uasal Baggio gan clárú ach ar feadh sé mhí?

______________________________

______________________________

4. Cad é an tréimhse íosta ballraíochta?

______________________________

______________________________

5. Cad a theastaíonn ón Uasal Baggio a dhéanamh láithreach?

______________________________

______________________________

6. Cá háit a n-iarrtar ar an Uasal Baggio fanacht?

______________________________

______________________________

(21 mharc)

## SECTION II

In this section you will hear two conversations. You will hear each of them three times — the first time without pauses and the second time with a number of short internal pauses followed, at the end, by a one-minute pause starting when you hear the gong.

You may look at the questions and make notes while you are listening.

The answers should be written in English in the spaces provided during the internal pauses or during the one-minute pause at the end of the second reading.

During the third reading you can check your answers.

(*a*) The first conversation is between Mr Baggio and the gym receptionist.

1. Why has Mr Baggio gone to the gym?

______________________________

______________________________

2. Write down any two items of information given to Mr Baggio about the gym.

______________________________

______________________________

3. Why would Mr Baggio like to enrol for just six months?

______________________________

______________________________

4. What is the minimum membership period?

______________________________

______________________________

5. What does Mr Baggio want to do straight away?

______________________________

______________________________

6. Where is Mr Baggio asked to wait?

______________________________

______________________________

(21 marks)

(*b*) An dara comhrá (Idir Laura agus an tUasal Flabbi).

1. Cén fáth a ndeir Laura go bhfuil an tUasal Flabbi míchúramach?

2. Cad a iarrann an tUasal Flabbi ar Laura a thabhairt dó?

3. Cad a deir Laura faoin gcarr atá á thiomáint aici?

4. Cén fáth a bhfuil an tUasal Flabbi imníoch?

5. Cén pointe a dhéanann Laura faoin timpiste?

6. Seachas an timpiste, ainmnigh dhá mhíthapa eile a bhain don Uasal Flabbi an lá céanna.

(21 mharc)

(*b*) The second conversation is between Laura and Mr Flabbi.

1. Why does Laura say that Mr Flabbi is careless?

2. What does Mr Flabbi ask Laura to give him?

3. What does Laura say about the car she is driving?

4. Why is Mr Flabbi anxious?

5. What point does Laura make about the accident?

6. Apart from the accident, name two mishaps that Mr Flabbi had had that same day.

(21 marks)